

Comhairliúchán poiblí ar Straitéis Rialála an Choimisiúin um Chosaint Sonraí

2020 - 2025

Babhta Comhairliúcháin 1 de 2: Spriocorthaí



Clár Ábhar

1. Réamhrá.....	2
2. Conas is Féidir Freagra a Thabhairt ar an gComhairliúchán seo.....	3
3. Obair an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.....	5
4. Spriocthorthaí	13
5. Na Ceisteanna Comhairliúcháin Uile	32
6. Tuilleadh Faisnéise	35

1. Réamhrá

Ceart seanbhunaithe is ea an ceart chun saol príobháideach agus na saoirsí ba cheart a bheith ag gabháil leis sin. Cé gur as an gceart sin a thagann an ceart chun cosaint sonraí pearsanta, bíonn an réimse sin den dlí ag athrú go tapa go fóill.

Mar Choimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún), tá an Straitéis Rialála nua uainn don tréimhse 2020 go 2025 á hullmhú againn faoi láthair. Beag beann ar an gcúlra athraitheach atá i réim, ba mhaith linn go gcinnteofaí leis an straitéis nua uainn go mbeidh **cuspoir soiléir ann lenár ngníomhaíocht rialála** – ar cuspoir é atá soiléir do na daoine a gcosnaimid a gcearta, atá soiléir do na heagraíochtaí a rialálaimid agus atá soiléir dúinn féin agus do rialálaithe eile.

Agus an straitéis á hullmhú againn, rachaimid i **gcomhairle leis an oiread daoine agus is féidir**.

- ▶ *Ba mhaith linn breithniú a dhéanamh ar thuairimí ár ngeallsealbhóirí éagsúla, go háirithe tuairimí na ndaoine den phobal a bhféachaimid le seasamh lena gcearta cosanta sonraí.*

Leagfar **tosaíochtaí rialála an Choimisiúin** amach go soiléir sa straitéis.

- ▶ *Ba mhaith linn léargas agus cinnteacht níos fearr a thabhairt d'eagraíochtaí agus do dhaoine ar an dóigh a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún rialáil a dhéanamh chun an tionchar is mó is féidir a bhaint amach.*

Is leis an straitéis nua a threorófar **an dóigh a gcomhlíonfaimid ár n-oibleagáidí**.

- ▶ *Ba mhaith linn ár gcumhachtaí rialála a fheidhmiú ar bhealach a sheasann leis na cearta cosanta sonraí atá ag an oiread daoine agus is féidir agus a bhainfidh an tionchar is mó is féidir amach thar an bhfadtearma agus an méid sin a dhéanamh laistigh de na hacmhainní atá ar fáil dúinn.*

Is é an doiciméad comhairliúcháin seo ar ár Spriochorthaí an chéad cheann de dhá bhabhta comhairliúcháin phoiblí oscailte a sheolfar mar chuid den Straitéis Rialála nua a fhorbairt. Agus an Straitéis Rialála féin á dréachtú, déanfar anailís chúramach ar na haighneachtaí i scríbhinn a gheofar le linn an chéad bhabhta seo.¹

Agus an Straitéis Rialála uainn á hullmhú againn, tabharfaimid aird iomlán ar na hoibleagáidí atá orainn faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.²

Foilseofar an dréacht-Straitéis Rialála go luath sa bhliain 2020 agus iarrfar tuilleadh aighneachtaí i scríbhinn ar an dréacht ansin mar chuid den dara babhta comhairliúcháin phoiblí oscailte.

¹ Cé go ndéanfaidh an Coimisiún breithniú ar na haighneachtaí uile a gheofar, níor cheart d'aon pháirtí a thabharfaidh freagra don Choimisiún ar an gcomhairliúchán seo a bheith ag súil leis go bpléifear go sonrach sa Straitéis Rialála nua ón gCoimisiún le gach saincheist, seasamh nó tuairim a tharraingeofar anuas san aighneacht uaidh/uaithi.

² Tá alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, leagtha amach san [aguisín](#) a ghabhann leis an doiciméad seo.

2. Conas is Féidir Freagra a Thabhairt ar an gComhairliúchán seo

Tá achoimre ar an obair a dhéanann an Coimisiún um Chosaint Sonraí leagtha amach i Rannán 3 den doiciméad seo, mar aon le roinnt príomhthearmaí a bhaineann le cosaint sonraí. Míneoidimid sa rannán sin freisin an cur chuige a ghlacfaimid i leith an Straitéis Rialála nua uainn a fhorbairt.

Leagtar amach i Rannán 4 den doiciméad seo na **spriocorthaí a bhfuil an Coimisiún ag iarraidh iad a ghnóthú** trínár gcuid oibre. Tá ceisteanna sonracha le fáil in áiteanna difriúla den rannán sin freisin agus is ceisteanna iad sin a bhfuil an Coimisiún ag iarraidh freagraí orthu trí aighneachtaí i scríbhinn. Tá na ceisteanna sin liostaithe le chéile i Rannán 5.

- ▶ *Agus freagraí tugtha inti ar aon cheann nó gach ceann de na ceisteanna sonracha ar mhaith leat freagra a thabhairt orthu, seol an aighneacht uait le ríomhphost chuig dpcstrategy@dataprotection.ie nó tríd an bpost chuig *Straitéis an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2, Éire.**
- ▶ *Glacfar le haighneachtaí don chéad bhabhta comhairliúcháin phoiblí go dtí an 24 Eanáir 2020.*

Cuirfimid fáilte ar leith roimh fhreagraí agus aighneachtaí ó dhaoine den phobal agus grúpaí nach ndéanann trácht ar nithe cosanta sonraí de ghnáth. Dá bhrí sin, rinneamar iarracht téarmaí teicniúla agus dlíthiúla a sheachaint a mhéid ab fhéidir ionas go mbeadh an doiciméad seo inrochtana don oiread daoine agus ab fhéidir.

Cuirfimid fáilte freisin, ar ndóigh, roimh aighneachtaí ó ghrúpaí tathanta i réimse na cosanta sonraí, ó na heagraíochtaí a rialálaimid agus óna gcomhlachtaí ionadaíocha, ó acadóirí sa réimse seo agus ó shaineolaithe eile, ó ghrúpaí sainleasmhara, agus ó aon tráchtairí eile. Glacfaimid le haighneachtaí ó dhaoine in Éirinn agus ó dhaoine thar lear araon.

Táimid ag súil le tuairimí éagsúla a fháil mar chuid den chomhairliúchán agus cuirfimid fáilte rompu sin. Ba mhaith linn tuiscint a ghnóthú ar dhearcthaí ár ngeallsealbhóirí uile agus beimid trédhearcach sa dóigh a dtiocfaimid ar na conclúidí uainn. Déanfar athbhreithniú cúramach agus anailís chúramach ar na haighneachtaí uile. Foilseofar tuarascáil achomair ar an anailís uainn ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin go luath sa bhliain 2020. Foilseofar dréacht-Straitéis Rialála ar leithligh ón tuarascáil sin go luath sa bhliain 2020 chomh maith.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún inneachar na n-aighneachtaí uile a gheofar a fhoilsiú ar a shuíomh Gréasáin freisin. Ach amháin i gcás go n-iarrfaidh údar na haighneachta, mar dhuine aonair, nach n-aithneofaí é/í, foilseofar aitheantas an údair i ngach cás.



3.Obair an Choimisiúin um Chosaint Sonraí

Míniú ar na príomhthéarmaí

Cad is sonraí pearsanta ann?

Is é is sonraí pearsanta ann ná faisnéis ar bith a bhaineann leatsa go pearsanta, áit a n-aithnítear tú (nó a bhféadfaí tú a aithint) i ndáil leis an bhfaisnéis sin. I bhfocail eile, is píosa faisnéise ar bith iad a bhaineann leat, amhail d'ainm, do dháta breithe, do sheoladh ríomhphoist, d'uimhir fóin, do sheoladh nó grianghraf atá bainteach leat nó a d'fhéadfaí a bhaint leat.

Cad is cosaint sonraí ann?

Baineann an dlí cosanta sonraí leis an gceart bunúsach atá ag gach duine chun cosaint a sonraí pearsanta. Nuair a thugann tú do shonraí pearsanta d'eagraíocht, tá sé de dhualgas uirthi cloí le rialacha áirithe lena gcuirtear teorainn leis na nithe a fhéadfaidh sí a dhéanamh le do sonraí pearsanta.³ I dteannta a chéile, agus i dteannta na gceart atá ag daoine chun a sonraí pearsanta a chosaint, tugtar cosaint sonraí ar na rialacha sin. Sa dlí cosanta sonraí, tugtar 'rialaitheoirí sonraí' ar eagraíochtaí a chinneann cén fáth agus cén dóigh a n-úsáidtear do sonraí pearsanta, agus tugtar 'ábhair sonraí' ar dhaoine a thugann a sonraí pearsanta d'eagraíochtaí nó ar dhaoine a bhfaightear a sonraí go hindíreach ó eagraíocht eile.

Cad is brí le 'próiseáil'?

Sa dlí cosanta sonraí, leagtar amach rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag eagraíochtaí. Ciallaíonn próiseáil, go bunúsach, sonraí pearsanta a úsáid agus aon rud a dhéanamh leo, idir iad a bhailiú, iad a stóráil, iad a aisghabháil, bhreathnú orthu, iad a chomhroinnt le duine éigin eile, iad a léirsciosadh agus iad a scríosadh.

Cé na cearta cosanta sonraí atá ann?

Tá cearta sonracha ag daoine i dtaca lena sonraí pearsanta. Áirítear leo sin na cearta seo a leanas, i measc cinn eile:

- i. an ceart go dtabharfaí fógra duit faoi cé a shealbhaíonn do sonraí pearsanta agus faoi cén fáth a bhfuil siad á bpróiseáil (trédhearcacht),
- ii. an ceart chun do sonraí pearsanta a rochtain agus chun cóip a fháil díobh (rochtain),
- iii. an ceart go gceartófaí sonraí pearsanta atá míchruinn nó neamhiomlán (ceartú), agus
- iv. an ceart go léirsciosfaí do sonraí (léirsciosadh).

³ Tá na prionsabail bhunúsacha nach mór cloí leo le linn sonraí pearsanta a phróiseáil leagtha amach san [aguisín](#).

Cad is an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (an Rialachán Ginearálta) ann?

Dlí ón Aontas Eorpach a tháinig i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018 is ea an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí⁴ (an Rialachán Ginearálta). Tríd is tríd, is tacar nua rialacha cosanta sonraí é. Tá sé mar aidhm leis a chinntiú go mbeidh gach duine dínne ar an eolas faoi cén uair a bhailítear sonraí pearsanta fúinn agus faoin dóigh a n-úsáidfear iad. Ar an mbealach sin, tugtar tuilleadh rialaithe dúinn ar úsáid ár sonraí pearsanta.

Ról an Choimisiúin um Chosaint Sonraí

Is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí **an t-údarás náisiúnta neamhspleách** in Éirinn atá freagrach as seasamh leis an gceart bunúsach atá ag daoine aonair san Aontas Eorpach go dtabharfaí cosaint dá sonraí pearsanta. Fágann sé sin go bhfuil an Coimisiún freagrach as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta agus ar chomhlíonadh creataí dlíthiúla eile atá liostaithe san [aguisín](#) a ghabhann leis an doiciméad seo.

Faoin dlí, tá an Coimisiún ina chomhlacht lán-neamhspleách ón tús maidir leis an dóigh a gcuireann sé a chuid cúraimí rialála i gcrích. Tá sé neamhspleách ar an Rialtas freisin. Ceanglaítear leis an Rialachán Ginearálta freisin go mbeadh lán-neamhspleáchas ag an gCoimisiún. Treisítear neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an Choimisiúin arís eile toisc go vótáil an tOireachtas ár gcistiú ar fad go díreach anois agus toisc nach dtagann aon chuid dár gcistiú ó tháillí, ó thobhaigh nó ó fhíneálacha⁵.

Sainítear sa Rialachán Ginearálta an obair a dhéanfaidh gach údarás maoirseachta san Aontas Eorpach, lena n-áirítear an Coimisiún um Chosaint Sonraí.

- ▶ *Sainítear in Airteagal 57 na príomhchúraimí a bheidh ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, agus*
- ▶ *Sainítear in Airteagal 58 na cumhachtaí a bheidh ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.*

Tá na cúraimí agus na cumhachtaí sin liostaithe san [aguisín](#) a ghabhann leis an doiciméad seo. Sainítear cumhachtaí, dualgais agus feidhmeanna reachtúla an Choimisiúin san Acht um Chosaint Sonraí, 2018⁶, freisin.

⁴ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE.

⁵ Faoi Airteagal 57(4) den Rialachán Ginearálta, féadfaidh aon údarás maoirseachta táille réasúnach a ghearradh i gcás inar follasach go bhfuil iarrataí gan bhunús nó go bhfuil siad iomarcach.

⁶ Leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, tugadh tuilleadh éifeachta don Rialachán Ginearálta agus tugadh éifeacht don Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí (Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údarais inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle).

I bhfianaise na gcúraimí, na gcumhachtaí agus na ndualgas uile sin, is amhlaidh, faoin dlí, nach mór don Choimisiún **cuid mhór feidhmeanna difriúla** a chur i gcrích gach lá.



Is an-leathan atá raon feidhme na hoibre a dhéanann an Coimisiún. Déanaimid maoirseacht ar gach eagraíocht a phríoiseálann sonraí pearsanta, bíodh sí ina heagraíocht phoiblí⁷ nó phríobháideach, is cuma cén tionscal nó earnáil ina n-oibríonn sí agus cén mhéid atá inti. Áirítear le heagraíochtaí den sórt sin eagraíochtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí. Beag beann ar an raon feidhme leathan atá againn maoirseacht a dhéanamh ar phríoiseáil sonraí pearsanta, níl aon raon feidhme rialála againn faoin dlí lena gcumhdófaí go díreach saincheistanna teicneolaíochta eile amhail 'bréagnuacht', modhnóireacht ábhair ar líne agus sábháilteacht ar líne.

⁷ Is iad na Cúirteanna an t-aon eisceacht amháin ina leith seo.

Athruithe thar na cúig bliana seo a chuaigh thart

Mar eagraíocht, **tháinig athrú ollmhór ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí** thar na cúig bliana seo a chuaigh thart. Tháinig athrú ollmhór ar an obair a dhéanaimid freisin.

- ▶ *Mar thoradh ar na hathruithe a rinneadh ar an dlí, leagadh **freagrachtaí breise** ar an gCoimisiún agus tugadh **tuilleadh cumhachtaí** dó mar rialálaí, mar atá pléite go hachomair sa rannán roimhe.*
- ▶ *Tá **ról an-lárnach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh** ag an gCoimisiún anois maidir leis na cearta cosanta sonraí atá ag na milliúin duine ar fud an Aontais a chosaint. Ag gníomhú dúinn thar ceann gach duine aonair san Aontas, agus ní na daoine in Éirinn amháin, déanaimid maoirseacht ar na cuideachtaí teicneolaíochta, Idirlín agus meán sóisialta a bhfuil a gceanncheathrú Eorpach lonnaithe in Éirinn. Tugtar an tsamhail maidir le **hIonaid Ilfhreastail** air sin faoin Rialachán Ginearálta.⁸*
- ▶ *Tá freagrachtaí ar leith ar an gCoimisiún anois maidir le próiseáil **sonraí pearsanta leanaí** faoin Rialachán Ginearálta agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018.*
- ▶ *Tá ag an gCoimisiún **a chúig oiread ball foirne** anois ná mar a bhí againn cúig bliana ó shin mar gheall ar an méadú a tháinig ar na freagrachtaí agus ar an ualach oibre atá orainn ó shin i leith.*

Cúis an-mhór athraithe don Choimisiún ba ea tabhairt isteach an Rialacháin Ghinearálta, lenar áiríodh an tsamhail maidir le hIonaid Ilfhreastail. Tógfaidh sé cúpla bliain eile orainn an t-athrú sin a leabú go hiomlán.

Níorbh é an Rialachán Ginearálta an t-aon chúis amháin le hathruithe, áfach. Téann athruithe leanúnacha eile inár mórthimpeallacht ar leibhéal Éireannach, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal idirnáisiúnta i bhfeidhm ar obair an Choimisiúin freisin. Leanfaidh na nithe sin le dul i bhfeidhm orainn thar na cúig bliana atá le teacht.

Bíonn nithe cosanta sonraí ag éirí níos suntasaí i gcónaí.

- ▶ *San am atá thart, rinneadh idirdhealú idir an geilleagar digiteach agus an geilleagar agus an tsochaí dhigiteach agus an tsochaí. Ní ann don idirdhealú sin a thuilleadh sa lá atá inniu ann, áfach, agus úsáidtear ár sonraí pearsanta chun a chinneadh cén dóigh a dtairgtear seirbhísí, táirgí, nuacht agus roghanna ar leith dúinn. Uaireanta, úsáidtear faisnéis fúinn ar bhealaí áirithe a fhágann nach dtairgtear seirbhísí, táirgí, nuacht agus roghanna ar leith do dhaoine áirithe dinn nó ar bhealaí a fhágann nach bhfuilimid ar an eolas go hiomlán faoin dóigh a bhfuil ár sonraí pearsanta á n-úsáid nó faoi cé na daoine a bhfuil siad in úsáid acu. Tá an tuiscint agus an rialú atá againn ar an dóigh a n-úsáidtear ár sonraí pearsanta ina ngné lárnach de rialú a bheith againn ar ár saol féin.*
- ▶ *Bíonn cearta cosanta sonraí á bplé ar bhonn níos leithne anois ná riamh i dtithe, i scoileanna, in áiteanna oibre agus sna meáin thraidisiúnta agus shóisialta. Ní soiléir, áfach, atá an tionchar a imríonn an plé sin ar an gcur chuige a ghlacann eagraíochtaí*

⁸ Tá an tsamhail maidir le hIonaid Ilfhreastail mínithe san [aguisín](#) a ghabhann leis an doiciméad seo.

i leith próiseáil sonraí pearsanta agus ar dhaoine a spreagadh a gcearta cosanta sonraí a fheidhmiú.

- ▶ *Bunaithe ar ár n-athrú tapa inár sochaí dhigiteach agus inár ngeilleagar digiteach, is cosúil gur ag athrú go fóill freisin a bhíonn na nithe a mheastar a bheith réasúnach agus cothrom agus sonraí pearsanta á bpróiseáil.*
- ▶ *Tá an léiriú sin a bhíonn ag athrú agus suntasacht na cosanta sonraí ar cheann de na cúiseanna a mbíonn athrú ag teacht ar an gcineál gearán a bhíonn á bhfáil ag an gCoimisiún. Bímid ag fáil líon méadaitheach gearán casta ina bpléitear le roinnt gnéithe difriúla den dlí cosanta sonraí. Chomh maith leis sin, bímid ag fáil níos mó agus níos mó gearán a bhaineann le cearta cosanta sonraí a eascraíonn ó chásanna atá bunaithe ar dhlíthe eile ar fad, mar shampla cásanna inar ceapadh glacadóirí nó ina bhfuil imeachtaí dlíthiúla ar siúl.*

Bíonn an teicneolaíocht ag athrú go tapa.

- ▶ *Tá an Rialachán Ginearálta bunaithe ar phrionsabail agus tá sé neodrach ó thaobh teicneolaíochta de. Ní mór d'eagraíochtaí agus don Choimisiún araon an fheidhm atá ag an Rialachán Ginearálta maidir le teicneolaíochtaí nua agus maidir le cineálacha nua próiseála sonraí pearsanta a léiriú. Áirítear leo sin teicneolaíochtaí a bhíonn ag athrú go tapa go fóill, amhail aghaidh-aithint, intleacht shaorga, blocshlabhra agus teicneolaíocht fógraíochta.*
- ▶ *Le blianta beaga anuas, rinneadh roinnt cineálacha dealraitheacha dul chun cinn ar an teicneolaíocht gan aird a thabhairt ag an am céanna ar chosaint sonraí pearsanta. Go deimhin, ba bheag aird chuí a tugadh ar cé acu atá nó nach bhfuil an dul chun cinn sin ag freastal ar aon chuspóir ar leith nó ag réiteach aon fhadhbanna iarbhir.*

Bíonn an timpeallacht dhlíthiúil ag athrú go fóill.

- ▶ *Le linn dúinn ár gcuid oibre a chur i gcrích, ní mór don Choimisiún aird a thabhairt ar chorp méadaitheach an chásdlí i réimse na cosanta sonraí, go háirithe breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Mar gheall ar scála na gcumhachtaí atá againn, ní mór dúinn aird a thabhairt freisin ar an gcásdlí maidir le dea-riarachán agus maidir le cothroime ó thaobh nós imeachta de.*
- ▶ *Cé nach bhfuil an téacs den dréacht-Rialachán ón Aontas Eorpach maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach comhaontaithe agus nach bhfuil aon dáta socraithe dá thabhairt isteach go fóill, is eol dúinn go mbeidh tionchar aige ar fheidhmeanna agus freagrachtaí an Choimisiúin.*
- ▶ *I gcás cuid mhór tíortha lasmuigh den Aontas, d'achtaigh siad dlíthe nua cosanta sonraí cheana féin nó tá sé beartaithe acu dlíthe nua cosanta sonraí a achtú. Tá an Coimisiún ag déanamh faireachán ar na hathruithe sin chun tuiscint a ghnóthú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar chleachtais na n-eagraíochtaí ilnáisiúnta a ndéanaimid maoirseacht orthu thar ceann an Aontais.*

Bíonn an timpeallacht pholaitiúil san Eoraip ag athrú.

- ▶ *Bheadh tionchar ag gach socrú Breatimeachta ar an dóigh a mbeadh an dlí cosanta sonraí á chomhlíonadh amach anseo ag eagraíochtaí a oibríonn isteach sa Ríocht Aontaithe nó amach aisti, ar eagraíochtaí iad a ghabhann, dá bhrí sin, do phróiseáil trasteorann⁹. Bheadh tionchar géar ar leith ag Breatimeacht gan mhargadh ina leith sin.*

⁹ Mar a shainmhínítear in Airteagal 4(23) den Rialachán Ginearálta.

- ▶ *Bheadh tionchar ag gach socrú Breatimeachta ar obair an Choimisiúin freisin, go háirithe maidir le haistrithe sonraí pearsanta idir Éire agus an Ríocht Aontaithe a cheadú agus a údarú.*

Straitéis Rialála an Choimisiúin um Chosaint Sonraí a Fhorbairt

Is féidir obair an Choimisiúin a achoimriú i dtéarmaí an-simplí.

Cuirimid ár gcuid cúraimí agus feidhmeanna i gcrích mar atá leagtha amach sa dlí. Táirgimid aschuir (mar shampla, treoir a eisiúint do dhaoine aonair agus d’eagraíochtaí). Déanaimid gníomhartha rialála trínár gcumhachtaí reachtúla a fheidhmiú (mar shampla, trí leas a bhaint as ár gcumhachtaí ceartaitheacha).

Ní mór dúinn ár gcuid cúraimí agus feidhmeanna faoin dlí a chur i gcrích agus **leanfaimid** le iad a chur i gcrích, agus ní mór aird a thabhairt air sin sa Straitéis Rialála nua uainn.

Táimid sa dara bliain de chur chun feidhme an Rialacháin Ghinearálta. Tá soiléire againn anois maidir leis an mbuiséad a bheidh ar fáil dúinn don bhliain 2020 ar a laghad. Ní buiséad gan teorainn é, áfach.

- ▶ *Leis an Straitéis Rialála nua uainn, tabharfar deis dúinn athscrúdú a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfaimis **an tionchar is mó is féidir a bhaint amach laistigh de na hacmhainní atá ar fáil dúinn**, agus aird á tabhairt ar na rioscaí is mó atá roimh chearta daoine.*
- ▶ *Ní mór breithniú a dhéanamh sa Straitéis Rialála nua uainn ar an mbealach is fearr inar féidir linn an bealach a réiteach le haghaidh an tionchar sin a bhaint amach thar an gcéad chúig bliana eile, **de réir mar a leanann ár dtimpeallacht rialála de bheith ag athrú** ó thaobh athruithe sa tsochaí, sa teicneolaíocht, sa dlí agus san Aontas de.*

Ar na cúiseanna sin, féachfaimid ar dtús ar na nithe ar mhaith linn iad a ghnóthú mar rialálaí, seachas na nithe a n-éilítear orainn iad a dhéanamh.

- 1** Ar an gcéad dul síos, díreoimid ar **CÉN FÁTH** a ndéanaimid **NA NITHE A DHÉANAIMID** – cé na spriocorthaí atá á lorg againn agus cé na gníomhaíochtaí a dhéanfaimid chun na torthaí sin a ghnóthú?
- 2** Ar an dara dul síos, féachfaimid ar **CONAS** a chuirfimid na gníomhaíochtaí sin i gcrích chun na torthaí atá á lorg againn a ghnóthú – *cén Straitéis Rialála a shaothróimid thar an gcéad chúig bliana eile?*

Tá aighneachtaí á n-iarraidh againn maidir le ceist **1** thuas tríd an doiciméad seo. Tá sé mar aidhm againn bheith leathanaigeanta, comhairleach agus trédhearcach sa dóigh a scrúdóimid na ceisteanna bunúsacha atá leagtha amach anseo.

Beidh an freagra ar cheist **2** thuas bunaithe ar na haighneachtaí a gheobhaimid ón gcéad bhabhta comhairliúcháin seo agus ar an anailís a dhéanfaimis féin agus úsáidfear é chun bonn eolais a chur faoin dréacht-Straitéis Rialála uainn don tréimhse 2020 go 2025. Pléifear sa Straitéis le **conas** a ghnóthóimid ár spriothorthaí.

- ▶ *Leagfar amach inti an misean agus an fhís a bheidh againn ar feadh thréimhse feidhme na Straitéise nua.*
- ▶ *Saineofar inti na tosaíochtaí a bheidh againn agus tiocfar inti ar chothromaíocht idir na gníomhaíochtaí a dhéanfaimid agus na hacmhainní a bheidh ar fáil dúinn chun a chinntiú go n-imreimid an tionchar is mó is féidir ar ár spriothorthaí a ghnóthú.*
- ▶ *Áireofar inti na tosaíochtaí forfheidhmiúcháin a bheidh againn agus míneofar inti an dóigh a bhfeidhmeoidh ár gcumhachtaí agus a gcuirfimid ár gcúraimí i gcrích.*
- ▶ *Mionsonrófar inti na bunchlocha is gá a leagan chun na tosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh – mar shampla, forbairt eagraíochta agus comhpháirtíochtaí.*

Beidh an dréacht-Straitéis Rialála ina hábhar don dara babhta comhairliúcháin phoiblí oscailte go luath sa bhliain 2020.




4. Spriocthorthaí

Díreimid ar dtús ar **CÉN FÁTH** a gcuireann an Coimisiún um Chosaint Sonraí a chuid oibre i gcrích.

Is é an bunús lenár gcuid oibre ar fad ná an dlí mar atá faoi láthair agus na hathruithe a rinneadh ar an dlí le himeacht ama, a mhéid a bhaineann siad leis an gceart bunúsach atá ag gach duine go gcosnófaí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta féin. Cuirimid ár gcuid oibre i gcrích i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil¹⁰ atá i bhfeidhm agus lenár sainchúram reachtúil. Ní thugaimid aghaidh ar ár gcuid oibre chun ár gcuid oibleagáidí agus feidhmeanna dlíthiúla a chomhlíonadh agus chuige sin amháin, áfach. Is é an cuspóir sáraitheach atá againn go dtiocfaidh athruithe buana nithiúla as ár gcuid oibre.

Measaimid go bhfuil **cúig** spriocthoradh ann a spreagann sinn ár gcuid cúraimí, feidhmeanna agus dualgas faoin dlí a chur i gcrích. Is spriocthorthaí comhlántacha iad agus féachaimid le dul chun cinn a dhéanamh ar **gach ceann díobh ag an aon am amháin**. Is iad na cúig spriocthoradh sin na croíchúiseanna atá taobh thiar de cén fáth a ndéanaimid an obair a dhéanaimid.

Tá seans ann nach dtarlóidh sé choíche go mbeidh aon cheann de na cúig spriocthoradh críochnaithe agus gnóthaithe go hiomlán. Aithnímid freisin go n-imríonn eachtraí, tosca agus eagraíochtaí eile tionchar dearfach ar na cúig spriocthoradh agus nach as obair an Choimisiúin amháin a thiocfaidh aon fheabhsuithe amach anseo. Ina ainneoin sin, is iad seo a leanas na cúig spriocthoradh a rachaimid sa Choimisiún ar a dtóir.



Ceist Comhairliúcháin 1

An bhfuil aon toradh ar leith eile ann ar cheart don Choimisiún é a chur ar áireamh anseo agus cén fáth ar cheart é a chur ar áireamh anseo? Cén dóigh a mbeadh an toradh breise sin ag teacht leis na cúig spriocthoradh atá ann cheana?

¹⁰ Tá an creat dlíthiúil iomlán le haghaidh obair an Choimisiúin leagtha amach san [aguisín](#) a ghabhann leis an doiciméad seo.



Toradh 1

Rialáiltear cearta agus oibleagáidí cosanta sonraí ar bhealach comhsheasmhach.

Measaimid gur spriothoradh as féin é seo agus go bhfuil níos mó i gceist leis ná a chinntiú go ngnóthófar ár spriothorthaí eile. Comhpháirt thábhachtach de bheith cothrom is ea a bheith comhsheasmhach.

Measaimid go bhfuil trí ghné dhifriúla ann de rialáil chomhsheasmhach.

- **Laistigh den Choimisiún**, féachaimid le bheith comhsheasmhach sa dóigh a láimhseálaimid gearáin, fiosrúcháin agus nithe eile, agus aird á tabhairt ar na comhthéacsanna difriúla atá i gceist leis na cásanna sin. Measaimid gurb indéanta sa ghearrthéarma atá an ghné seo den spriothoradh. Ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta i leith, táimid ag gníomhú ar bhealach comhsheasmhach chun gurb eol do dhaoine agus d'eagraíochtaí cén dóigh a n-oibrímid ó thaobh nós imeachta de. Mar sin féin, tá cinnteacht agus soiléire á bhforbairt go fóill ar na gnéithe dlíthiúla substainteacha atá i gceist (spriothoradh 2).
- **Laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch**¹¹, déanaimid maoirseacht agus forfheidhmiú ar an Rialachán Ginearálta ar bhealach atá ag teacht leis an gcur chuige a ghlacann údarais mhaoirseachta cosanta sonraí eile sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, a bhfuil gach ceann díobh ina mball den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí.¹²
- **Ar leibhéal idirnáisiúnta**, ba mhaith linn, maidir leis na hardchaighdeáin chosanta atá ar fáil do dhaoine sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, go leanfaí le iad a chur ar fáil do dhaoine i dtíortha eile ar fud an domhain agus go rialálfaí iad dá réir. Toradh eile a bheadh ar an dlí cosanta sonraí a chur ar comhréim ar fud an domhain le caighdeán an Aontais ba ea go simpleofaí oibríochtaí d'eagraíochtaí a oibríonn i roinnt tíortha difriúla.

Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí faoina dtugann an Coimisiún chun an spriothoradh seo a ghnóthú.

- ↑ An ceart chun fógra a fháil, an ceart chun éisteacht a fháil agus an ceart chun cúiseanna a fháil a threisiú laistigh dár gcuid nósanna imeachta agus cleachtas féin, nuair is infheidhme;
- ↑ Scrúdú a dhéanamh ar na breithiúnais ábhartha uile ó na Cúirteanna maidir le nithe riaracháin agus nós imeachta, agus aird iomlán á tabhairt ar na breithiúnais sin inár gcuid nósanna imeachta agus cinntí féin;

¹¹ Cuimsíonn an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch gach Ballstát den Aontas Eorpach agus an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua.

¹² Tá na cúraimí atá ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin Ghinearálta a chinntiú leagtha amach in Airteagal 70 den Rialachán Ginearálta. I dteannta údarais mhaoirseachta na dtíortha den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tá an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ina bhall den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí chomh maith. Glacann Coimisiún an Aontais páirt ina chuid gníomhaíochtaí agus cruinnithe freisin.

- ↑ Caighdeánú a dhéanamh, nuair is féidir, ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm againn le haghaidh ceisteanna, gearáin, fiosrúcháin agus cúraimí rialála eile a láimhseáil agus mínithe ar na nósanna imeachta sin a fhoilsiú do dhaoine agus d’eagraíochtaí;
- ↑ I dtús gach cáis, forbhreathnú a thabhairt do ghearánaigh agus d’eagraíochtaí ar na nósanna imeachta a leanfaidh an Coimisiún, lena n-áirítear conas agus cén uair a bhainfidh leas as ár gcumhachtaí ceartaitheacha;
- ↑ Obair i gcomhar le húdaráis mhaoirseachta eile de chuid an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí ar chásanna a thagann faoin tsamhail maidir le hIonaid Ilfhreastail¹³, lena n-áirítear cloí leis na hoibleagáidí atá orainn mar phríomhúdarás maoirseachta dul i gcomhairle le húdaráis mhaoirseachta eile de chuid an Bhoird Eorpaigh maidir leis na dréachtchinntí uainn agus aird chuí a thabhairt ar na tuairimí uathu;
- ↑ Údaráis mhaoirseachta eile de chuid an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcomhoibríochtaí ar obair imscrúdaitheach atá faoi stiúir ag an gCoimisiún, go háirithe chun an úsáid is fearr a bhaint as an saineolas atá acu agus mar bhealach inar féidir tuiscint a ghnóthú ar na cineálacha cur chuige rialála a ghlacann na húdaráis faoi seach sa chleachtas;
- ↑ Cumarsáid a dhéanamh go réamhghníomhach le húdaráis mhaoirseachta eile de chuid an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm ar líon réasúnta ard daoine sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;
- ↑ Ár gcumhachtaí a fheidmiú agus cinntí a dhéanamh ar bhealach cothrom, neamhchlaon agus trédhearcach;
- ↑ Timpeallacht dhlíthiúil na hÉireann a shoiléiriú d’údaráis mhaoirseachta eile de chuid an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí ionas gur féidir idirdhealú a dhéanamh idir rialáil chomhsheasmhach an dlí cosanta sonraí agus na difríochtaí bailí atá ann i nósanna imeachta agus i ngnásanna riaracháin ar leibhéal náisiúnta;
- ↑ Ag fóraim idirnáisiúnta bhunaithe agus ag comhdhálacha, dul i dteagmháil go díreach le húdaráis chosanta sonraí ó áit lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch chun tuiscint a ghnóthú ar na difríochtaí atá ann i ndlíthe cosanta sonraí agus ar an dóigh a dtéann na difríochtaí sin i bhfeidhm ar dhaoine agus ar eagraíochtaí;
- ↑ Obair i gcomhar le húdaráis mhaoirseachta eile de chuid an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí agus le Coimisiún an Aontais le linn comhar idirnáisiúnta le húdaráis chosanta sonraí ó áit lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;¹⁴
- ↑ Páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha agus in imeachtaí eile in Éirinn agus thar lear agus aitheasc a thabhairt lena linn ionas go ngnóthófar tuiscint ar an gcur chuige rialála a ghlacaimid agus ionas go ngnóthóimid tuiscint ar na difríochtaí atá ann sa chur chuige rialála a ghlactar i dtíortha eile, lena n-áirítear an dóigh a dtéann na difríochtaí sin i bhfeidhm ar dhaoine agus ar eagraíochtaí;

¹³ Tá an tsamhail maidir le hIonaid Ilfhreastail mínithe san [aguisín](#) a ghabhann leis an doiciméad seo.

¹⁴ Tá na bearta sonracha maidir le comhar idirnáisiúnta leagtha amach in Airteagal 50 den Rialachán Ginearálta.

- ↑ Freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis agus agallaimh ó asraonta meán idirnáisiúnta ionas gur féidir leis an bpobal idirnáisiúnta is leithne is féidir tuiscint a ghnóthú ar an gcur chuige rialála a ghlacann an Coimisiún um Chosaint Sonraí, lena n-áirítear na daoine sin lasmuigh d'Éirinn a dtéann gníomhaíocht rialála an Choimisiúin i bhfeidhm orthu;
- ↑ Cuntas cuimsitheach a thabhairt ar ár ngníomhaíocht rialála sa tuarascáil bhliantúil uainn, rud a fhoilsítear a luaithe is féidir tar éis dheireadh na bliana.



Ceist Comhairliúcháin 2

Cé na gníomhaíochtaí de chuid an Choimisiúin a bhfuil an tionchar is mó acu ar an spriocthoradh maidir le rialáil chomhsheasmhach a ghnóthú?



Toradh 2

Tá soiléire agus cinnteacht ann sa dóigh a gcuirtear an dlí cosanta sonraí i bhfeidhm.

Ceann de na cúiseanna ar forbraíodh an Rialachán Ginearálta mar rialachán nua ar fud an Aontais ba ea cinnteacht dhlíthiúil a thabhairt¹⁵. D'éirigh leis an Rialachán ann féin an chinnteacht sin a thabhairt den chuid is mó.

Is rialachán atá bunaithe ar phrionsabail é an Rialachán Ginearálta, áfach. Ní leagtar amach ann aon cheanglais dhlíthiúla le haghaidh comhthéacsanna nó teicneolaíochtaí sonracha. Dá bhrí sin, ní mór an Rialachán Ginearálta a léiriú go cúramach gach uair a chuirtear i bhfeidhm é i leith na gcomhthéacsanna agus na dteicneolaíochtaí sonracha sin. Ní gnéithe nua den dlí cosanta sonraí iad cuid mhór de na cearta agus na hoibleagáidí atá sa Rialachán Ginearálta. De réir mar a leanann an teicneolaíocht agus an tsochaí de bheith ag athrú, áfach, ní mór an dlí cosanta sonraí a léiriú agus a chur i bhfeidhm dá réir.

Is é sin an fáth ar shainaithníomar gur spriocthoradh ann féin é soiléire agus cinnteacht a bhaint amach sa dóigh a gcuirtear an dlí cosanta sonraí i bhfeidhm. Thabharfadh sé sin cobhsaíocht d'eagraíochtaí agus do dhaoine araon. **Tá seans i bhfad níos fearr ann go mbainfear comhlíonadh amach i gcás go mbeidh cur i bhfeidhm an dlí soiléir agus go dtuigfear é.** Ba mhaith linn cabhrú go háirithe leis na heagraíochtaí sin ar mhaith leo bheith comhlíontach agus cuntasach ach nach bhfuil cinnte faoi conas is féidir leo déanamh amhlaidh.

Níl sa Choimisiún ach ceann amháin de chuid mhór eagraíochtaí agus comhlachtaí atá ag obair chun an spriocthoradh seo a ghnóthú. Tá na Cúirteanna, go háirithe Cúirt Bhreithiúnais an Aontais, agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí ar na príomhpháirtithe atá ag obair i dtreo soiléire agus cinnteacht dhlíthiúil a ghnóthú sa dóigh a gcuirtear an dlí cosanta sonraí i bhfeidhm. Cé nach bhfuil ionainn ach páirtí amháin i measc a lán ceann eile, ba mhaith linn a mhéid is féidir a dhéanamh chun dlús a chur le gnóthú na soiléire agus na cinnteachta sin.

Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí faoina dtugann an Coimisiún chun an spriocthoradh seo a ghnóthú.

- ↑ Treoir a thabhairt do dhaoine ionas go mbeidh tuiscint shoiléir acu ar an dóigh a dtugtar leis an dlí tacaíocht dóibh úsáid a sonraí pearsanta a rialú agus ionas go mbeidh tuiscint shoiléir acu ar an dóigh ar féidir leo na cearta cosanta sonraí atá acu a fheidhmiú;
- ↑ Meascán formáidí agus uirlisí a úsáid chun faisnéis a sholáthar, agus tús áite á thabhairt don fhaisnéis a theastaíonn ón gcuid is mó de dhaoine nó a bhféadfadh an tionchar is mó a bheith aici nó a d'fhéadfadh cabhrú leis na daoine is leochailí;

¹⁵ Aithris 13 den Rialachán Ginearálta.

- ↑ Treoir agus cás-staidéir a sholáthar d'eagraíochtaí maidir leis an dóigh ar cheart an dlí cosanta sonraí a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna ginearálta agus i gcomhthéacsanna sonracha araon, agus tús áite á thabhairt d'fhaisnéis a bhaineann leis na réimsí neamhchomhlíonta a shainaithnímid nó don fhaisnéis a bhféadfadh an tionchar is mó a bheith aici ar chosaintí a fheabhsú, agus nuálaíocht, soláthar seirbhíse agus tairbhí tráchtála á n-éascú ag an am céanna;
- ↑ Trí threoir a sholáthar agus trí leas a bhaint as blaganna agus as na meáin, freagairt do mhíthuiscintí coitianta nó sonracha ar an dóigh a gcuirtear an dlí cosanta sonraí i bhfeidhm;
- ↑ Rannchuidiú le treoirlínte agus tuairimí ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí a fhorbairt chun tacú le léiriú agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin Ghinearálta;
- ↑ Taighde, lena n-áirítear é sin a dhéantar trí chomhpháirtíochtaí taighde, a fhoilsiú ar an bhfeidhm atá ag an dlí cosanta sonraí maidir le teicneolaíochtaí a bhíonn ag athrú go tapa, maidir le mórchineálacha tionchair dhlíthiúil agus maidir le samhlacha gnó a bhíonn ag athrú;
- ↑ Le linn dúinn treoir agus faisnéis a sholáthar, gearáin a láimhseáil, imscrúduithe a sheoladh agus cinntí a dhéanamh, aird iomlán a thabhairt ar na breithiúnais ábhartha uile ó na Cúirteanna, lena n-áirítear Cúirt Bhreithiúnais an Aontais, maidir leis an dóigh ar cheart an dlí cosanta sonraí a chur i bhfeidhm;
- ↑ Le linn ullmhúchán a dhéanamh do raon feidhme fiosrúcháin a shocrú agus don fhiosrúchán a thosú, measúnú a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh an fiosrúchán ar shárú ar leith soiléire a thabhairt ar an bhfeidhm atá ag oibleagáidí sonracha maidir le comhthéacs ar leith;
- ↑ Faisnéis achomair agus faisnéis mhionsonraithe a fhoilsiú faoi na cinntí uainn i gcás go mbeidh sé cuí, úsáideach agus chun leas an phobail déanamh amhlaidh agus leas a bhaint as na deiseanna atá ann na cinntí sin a mhíniú trí na meáin ionas go mbeidh daoine agus eagraíochtaí in ann cur i bhfeidhm an dlí a thuiscint;
- ↑ Dlíthíocht a thionscnamh i gcás go mbeidh oibleagáid orainn déanamh amhlaidh, mar shampla i dtaca leis an léiriú ar dhlí an Aontais nó i gcás go bhféadfadh, inár dtuairim féin, go mbeadh easpa cinnteachta ann sna cinntí ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir le díospóidí a bhaineann leis na cinntí uainn féin;
- ↑ Páirt a ghlacadh sa phlé ar shaincheisteanna nach dtagann go díreach faoin dlí cosanta sonraí ach atá bainteach go dlúth nó atá idirnasctha le nithe cosanta sonraí, go háirithe i gcás go bhféadfadh go mbeadh bearnaí ann sa dlí, sna cosaintí atá i bhfeidhm nó i ngníomhaíocht rialála, agus obair i gcomhar le rialálaithe sna réimsí nasctha sin, mar shampla sábháilteacht dhigiteach, iomaíocht agus cosaint tomhaltóirí;
- ↑ Freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis agus agallaimh ó asraonta meán ionas gur féidir leis an bpobal is leithne is féidir tuiscint a ghnóthú ar chur i bhfeidhm an dlí, go háirithe na daoine sin a dtéann gníomhaíocht rialála an Choimisiúin i bhfeidhm orthu;

- ↑ Measúnú a dhéanamh ar na hathruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an dlí cosanta sonraí agus aighneachtaí stuama críochnúla a thabhairt do reachtóirí nuair a iarrtar orainn déanamh amhlaidh, mar shampla maidir leis an tionchar a bheidh ag an dréacht-Rialachán nua ón Aontas maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach.



Ceist Comhairliúcháin 3

Cé na bearnaí is mó atá ann ó thaobh soiléire agus cinnteachta dlíthiúla de, ar bearnaí iad a d'fhéadfadh a bheith ag cur bac ar eagraíochtaí comhlíonadh a bhaint amach nó a d'fhéadfadh a bheith ag imirt tionchar diúltach ar na cearta atá ag daoine aonair?



Ceist Comhairliúcháin 4

Cé na gníomhaíochtaí de chuid an Choimisiúin a bhfuil an tionchar is mó acu ar an spriocthoradh maidir le soiléire agus cinnteacht dhlíthiúil a ghnóthú?



Toradh 3

Oibríonn agus nuálann eagraíochtaí ar bhealach cuntasach, comhlíontach, cothrom agus eiticíuil agus sonraí pearsanta á bpróiseáil acu.

Níl an dlí cosanta sonraí ná an dóigh a rialáiltear é ina mbac ar dhul chun cinn teicneolaíoch ar aon bhealach.¹⁶ Ní gá aon rogha dhénártha a dhéanamh idir sonraí pearsanta a chosaint agus an teicneolaíocht a úsáid - mar shampla, chun feabhas a chur ar an saol, chun fionnachtana a dhéanamh i gcúram sláinte, chun freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla agus chun caidreamh a chothú le daoine eile, fiú.

Ina theannta sin, níl sé mar aidhm leis an dlí cosanta sonraí ná leis an dóigh a rialáiltear é san Aontas an bonn a bhaint ón tsaoirse chun gnó a sheoladh.¹⁷ Níl sé mar phríomhchuspóir leo ach oiread srian a chur leis na seirbhísí poiblí a theastaíonn ó dhaoine agus ón tsochaí. Agus táirgí agus seirbhísí á soláthar acu, áfach, ní mór d'eagraíochtaí cuntasacht a ghlacadh as an dóigh a bpróiseálann siad sonraí pearsanta. Is féidir leo é sin a dhéanamh trí chloí leis na prionsabail bhunúsacha um chosaint sonraí pearsanta faoin Rialachán Ginearálta. Tá na prionsabail sin leagtha amach san [aguisín](#).

Déanann an Coimisiún maoirseacht ar an dóigh a nglacann eagraíochtaí cuntasacht as na prionsabail sin a chomhlíonadh. Mar thoradh ar an gcreat dlíthiúil a bhfuilimid faoina réir agus ar an bhfíric gur ceart bunúsach é an ceart chun cosaint sonraí, ní ionann an cur chuige rialála a ghlacaimid agus é sin a ghlacann a lán rialálaithe eile, mar shampla rialálaithe a dhéanann maoirseacht ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus rialálaithe nach mór d'eagraíochtaí réamhcheadú a lorg uathu. Glacaimid cur chuige ilghnéitheach agus maoirseacht á déanamh againn – áit a méadaímid feasacht, a n-imrímid tionchar, a dtugaimid comhairle agus údarú, a ndéanaimid faireachán agus imscrúdú, a dtugaimid faoi ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin agus a n-ionchúisimid.

Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí faoina dtugann an Coimisiún chun an spriocthoradh seo a ghnóthú.

- ↑ Treoir a sholáthar d'eagraíochtaí maidir leis an dóigh ar cheart an dlí cosanta sonraí a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna ginearálta agus i gcomhthéacsanna sonracha araon, agus tús áite á thabhairt d'fhaisnéis a bhaineann leis na réimsí neamhchomhlíonta a shainníimid nó don fhaisnéis a bhféadfadh an tionchar is mó a bheith aici ar chosaintí a fheabhsú, agus nuálaíocht, soláthar seirbhíse agus tairbhí tráchtála a n-éascú ag an am céanna, mar shampla trí threoir atá dírithe ar ghnólachtaí nuathionscanta;
- ↑ Beachtú a dhéanamh ar na modhanna a úsáidimid le haghaidh treoir agus uirlisí a phleanáil, a fhorbairt agus a fhoilsiú agus an tionchar nithiúil atá ag an treoir uainn a thomhas bunaithe ar a mhéid a mhéadaítear tuiscint agus comhlíonadh dá barr;

¹⁶ Mínítear in Aithrisí 4 go 7 den Rialachán Ginearálta gur gá creat cosanta sonraí atá láidir agus comhleanúnach a bheith ann chun tacú le haon fhorbairtí sa teicneolaíocht agus sa tsochaí.

¹⁷ Airteagal 16 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

- ↑ Cás-staidéir mhionsonraithe ar na cinntí uainn a fhoilsiú i bhformáid lena gcabhraítear le heagraíochtaí tuiscint a ghnóthú ar an bhfeidhm atá ag na cinntí sin maidir leis an dóigh a bpróiseálann siad féin sonraí pearsanta agus, ar an mbealach sin, cuntasacht a threisiú agus comhlíonadh a mhéadú ina measc;
- ↑ Tús áite a thabhairt do threoir a fhorbairt do mhicreafhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, á chinntiú go mbeidh an treoir chomh praiticiúil agus chomh soiléir agus is féidir, ionas nach dteastóidh comhairle sheachtrach ó eagraíochtaí maidir lena gcomhlíonadh agus lena gcuntasacht féin fad a leanfaidh siad na treoirlínte uainn;
- ↑ Tús áite a thabhairt do threoir agus ábhair a fhorbairt d'Oifigigh Chosanta Sonraí ainmnithe¹⁸, deiseanna a thabhairt d'Oifigigh Chosanta Sonraí líonrú agus faisnéis a chomhroinnt lena chéile, agus dul i dteagmháil go díreach le hOifigigh Chosanta Sonraí mar aitheantas ar an ról rithábachtach atá acu i gcuntasacht a n-eagraíochta;
- ↑ Páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha agus in imeachtaí eile in Éirinn agus thar lear agus aitheasc a thabhairt lena linn ionas gur féidir linn a mhíniú go díreach don oiread eagraíochtaí agus is féidir conas is féidir leo an dlí cosanta sonraí a chomhlíonadh agus sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach cothrom agus eiticiciúil agus ionas gur féidir linn iad a spreagadh déanamh amhlaidh;
- ↑ Ag gníomhú dúinn ar bhonn inmheánach agus trí chomhpháirtíochtaí taighde araon, taighde mionsonraithe a dhéanamh ar an bhfeidhm atá ag an dlí cosanta sonraí maidir le teicneolaíochtaí a bhíonn ag athrú go tapa, maidir le ceisteanna anailíse dlí agus maidir le samhlacha gnó a bhíonn ag athrú, agus torthaí an taighde sin a fhoilsiú i bhformáid lena gcabhraítear le heagraíochtaí comhlíonadh a bhaint amach agus rioscaí a bhainistiú;
- ↑ Na bunchlocha a leagan le haghaidh eagraíochtaí a chumasú a gcomhlíonadh a thaispeáint go deonach trí bhíthin cóid iompair, agus an méid sin á dhéanamh trí na critéir ábhartha a fhoilsiú a luaithe is féidir agus ar aon dul le treoirlínte ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí, trí phlé a dhéanamh ar chóid iompair atá beartaithe agus trí dhréachtchóid iompair a athbhreithniú chomh tapa agus chomh grinn agus is féidir ionas gur féidir le heagraíochtaí iad a chur i bhfeidhm;
- ↑ Na bunchlocha a leagan le haghaidh eagraíochtaí a chumasú a gcomhlíonadh a thaispeáint go deonach trí bhíthin scéimeanna deimhniúcháin, agus an méid sin á dhéanamh trí obair go dlúth le Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú¹⁹ chun critéir chreidiúnúcháin a cheapadh, trí fhorbairt scéimeanna deimhniúcháin a chur chun cinn agus trí dhul i dteagmháil go díreach le comhlachtaí deimhniúcháin de réir mar is gá ionas go mbeidh scéimeanna deimhniúcháin ar fáil d'eagraíochtaí a luaithe is féidir;

¹⁸ Faoi Airteagal 37 den Rialachán Ginearálta, ceanglaítear ar eagraíochtaí áirithe Oifigeach Cosanta Sonraí a cheapadh. Tá na cúraimí atá ar Oifigigh Chosanta Sonraí leagtha amach in Airteagal 39 den Rialachán Ginearálta.

¹⁹ Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú an comhlacht creidiúnúcháin le haghaidh scéimeanna deimhniúcháin in Éirinn faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

- ↑ Agus mórualach rialála á chur i gcrích againn thar ceann daoine ar fud an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch, maoirseacht agus imscrúdú a dhéanamh ar chuideachtaí teicneolaíochta, Idirlín agus meán sóisialta a bhfuil a gceanncheathrú Eorpach lonnaithe in Éirinn agus an dlí a fhorfheidhmiú ina n-aghaidh;
- ↑ Sainacmhainní a shannadh chun cabhrú le heagraíochtaí tuiscint a ghnóthú ar na cuntasachtaí atá orthu agus sonraí pearsanta á n-aistriú acu chuig áit lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch trí threoir agus comhairle a sholáthar go díreach dóibh, athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtarratais ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha chomh tapa agus chomh grinn agus is féidir, aistrithe sonraí pearsanta a údarú trí shásraí sonracha, agus soiléire a lorg maidir leis an dóigh a bhféadfadh aistrithe dul i bhfeidhm ar dhaoine aonair;
- ↑ Freagra a thabhairt ar iarrataí ó ranna Rialtais ar dhul i gcomhairle linn maidir le hathruithe féideartha ar reachtaíocht a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta;
- ↑ Freagra a thabhairt ar iarrataí ó eagraíochtaí a bhfuil measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí curtha i gcrích acu agus nach bhfuil in ann na hardrioscaí uile atá roimh phróiseáil sonraí pearsanta a mhaolú laistigh de na hagaí freagartha atá leagtha amach sa Rialachán Ginearálta;
- ↑ Dul i dteagmháil go díreach le heagraíochtaí maidir leis an gcur chuige a ghlacann siad i leith comhlíonadh cosanta sonraí – go háirithe leis na heagraíochtaí sin a phróiseálann na sonraí pearsanta de chuid líon suntasach daoine – agus an teagmháil sin á húsáid mar bhealach inar féidir linn na samhlacha gnó atá ar bun acu a thuiscint agus fadhbanna féideartha a shainaithint sula dtiocfaidh siad chun cinn, agus an tionchar nithiúil atá ag ár ngníomhaíocht teagmhála a thomhas;
- ↑ Gníomhú go tapa nuair a thagaimid ar an eolas faoi tháirge nó seirbhís nua atá le tabhairt isteach ag eagraíocht, i gcás go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige nó aici ar líon mór daoine, agus a chinntiú go n-athrófar an táirge nó an tseirbhís sin sula dtabharfar isteach é nó í, agus an méid sin á dhéanamh trí phlé leis an eagraíocht nó trí ghníomh forfheidhmiúcháin foirmiúil amhail rabhadh a thabhairt;
- ↑ Freagairt go tapa agus ar an mbealach is cuí d’aon fhógraí a fhaighimid ó dhaoine aonair mar nochtadh cosanta;²⁰
- ↑ Athbhreithniú a dhéanamh ar gach fógra agus gearán a fhaighimid faoi shárú ar shonraí pearsanta, scrúdú a dhéanamh ar na rioscaí a d’fhéadfadh an sárú a chruthú do chearta agus saoirsí daoine, treochtaí agus fadhbanna sistéamacha a shainaithint, agus tabhairt faoi imscrúduithe foirmiúla ar sháruithe sonracha nó ar ghrúpaí sáruithe, ag brath ar a gcineál agus ar a dtromchúis;
- ↑ Na tosaíochtaí forfheidhmiúcháin a bhíonn againn idir an gearrthéarma agus an meántéarma a dheimhniú agus a chur in iúl go rialta, agus iad bunaithe ar na príomhréimsí riosca a shainaithnímid;

²⁰ Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí ar áireamh faoi alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta agus faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 339 de 2014. Fágann sé sin go bhféadfaidh fostaithe nochtadh cosanta a dhéanamh don Choimisiún maidir le comhlíonadh an dlí cosanta sonraí.

- ↑ Tabhairt faoi imscrúduithe ar shárúithe féideartha a measaimid go bhféadfadh tionchar réasúnta suntasach a bheith acu ar líon mór daoine, idir dhaoine in Éirinn agus dhaoine sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus a dheimhniú go poiblí go bhfuil imscrúduithe den sórt sin ar bun nuair a mheasaimid gur féidir leis an dheimhniú sin neamhchomhlíonadh a dhíspreagadh i measc eagraíochtaí eile;
- ↑ Ár bpróisis imscrúdaitheacha agus chinnteoireachta a sheoladh ar bhealach a chomhlíonann na prionsabail um cheartas aiceanta agus nósanna imeachta cothroma, agus cinntí agus breitheanna a dhéanamh ar bhealach stuama, réasúnaithe agus trédhearcach;
- ↑ Na cumhachtaí imscrúdaitheacha uile atá againn a úsáid a mhéid is féidir agus gach cumhacht is gá le haghaidh imscrúdú ar leith a chur i bhfeidhm ionas gur féidir linn an tacar iomlán fíricí a dheimhniú chomh héifeachtúil agus chomh tapa agus is féidir, le linn fiosrúchán foirmiúil agus i gcomhthéacsanna eile araon;
- ↑ Aird a thabhairt ar an éifeacht díspreagtha is féidir lenár gcumhachtaí ceartaitheacha a bheith acu agus sinn ag socrú na cumhachta ceartaithí is cuí, fíneálacha san áireamh, i ngach cás ina gcinntear go raibh sárú ann;
- ↑ Measúnú a dhéanamh ar an gcumhacht cheartaitheach is comhréireach i leith gach sárúithe ar leith, bunaithe ar fhíricí an cháis agus ar na fionnachtana sa chinneadh uainn, agus comhsheasmhacht ó thaobh cur chuige rialála de á cothabháil againn ag an am céanna;
- ↑ Aird a thabhairt ar an éifeacht díspreagtha is féidir lenár gcumhachtaí ceartaitheacha a bheith acu, maidir leis an tionchar ar eagraíochtaí eile, agus sinn ag socrú na cumhachta ceartaithí is cuí, fíneálacha san áireamh, i ngach cás ina gcinntear go raibh sárú ann;
- ↑ Na cumhachtaí ionchúisimh atá againn a fheidhmiú ar bhealach cothrom agus trédhearcach nuair a chinnimid go raibh sárúithe ann a bhaineann le cumarsáid leictreonach faoi na Rialacháin maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach nó go raibh cionta ann faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018;
- ↑ Na cinntí uainn a chosaint go láidir sna Cúirteanna.



Ceist Comhairliúcháin 5

Cén dóigh ar féidir leis an gCoimisiún teacht ar an gcothromaíocht chuí idir srianta na n-oibleagáidí dlíthiúla atá orainn agus na hacmhainní teoranta atá againn ionas go mbeidh an tionchar is mó is féidir againn ar chuntasacht agus comhlíonadh eagraíochtaí? Cén dóigh ar féidir leis an gCoimisiún eagraíochtaí a spreagadh dul níos faide ná cuntasacht agus comhlíonadh amháin agus i dtreo sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach cothrom agus eiticíúil?



Ceist Comhairliúcháin 6

Cé na cumhachtaí ceartaitheacha de chuid an Choimisiúin a bhfuil an tionchar is mó acu ar neamhchomhlíonadh a dhíspreagadh? (Féach an [aguisín](#) chun teacht ar an liosta de chumhachtaí ceartaitheacha an Choimisiúin.)



Ceist Comhairliúcháin 7

Cén dóigh ar cheart an chumhacht atá ag an gCoimisiún chun fíneálacha riaracháin a fhorchur a úsáid chun an tairbhe is mó agus is inbhuanaithe a bhaint amach do dhaoine agus ar cheart fíneálacha a fhorchur i gcomhar le cumhachtaí ceartaitheacha eile?



Toradh 4

Tuigeann an oiread daoine agus is féidir an dóigh a n-úsáidtear a sonraí pearsanta agus tá rialú acu ar an úsáid sin.

I gcás gach duine dinn, tá an tuiscint agus an rialú atá againn ar an dóigh a n-úsáidtear ár sonraí pearsanta ina ngné lárnach de rialú a bheith againn ar ár saol féin. Is é sin an fáth a bhfuil [cearta cosanta sonraí](#) chomh tábhachtach sin. Tá ríthábhacht ag baint le trédhearcacht a bheith ann maidir leis an dóigh a n-úsáidtear ár bhfaisnéis agus maidir leis na roghanna atá againn ina leith. Ní le hiontaoibh a chothú, agus leis sin amháin, a bhaineann trédhearcacht. Tugtar tuilleadh rialaithe dúinn a bhuí leis an gceart atá againn chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis atá stóráilte fúinn agus a bhuí leis na cearta atá againn go gceartófaí nó go léirscriosfaí an fhaisnéis sin. Is é sin an fáth nach mór d'eagraíochtaí bheith trédhearcach sa dóigh a n-úsáideann siad ár sonraí pearsanta faoin Rialachán Ginearálta.

Gach lá sa Choimisiún, **is é an rud a spreagann sinn agus a chuireann fuinneamh ionainn ná an croíchuspóir atá againn na cearta atá ag gach duine dinn a chosaint** – is ceart bunúsach é an ceart chun cosaint sonraí pearsanta. Gach duine a bhfuil ábhar inní, fadhb nó gearán acu, ba mhaith linn go dtabharfaí tacaíocht dóibh chun go seasfaí leis na cearta atá acu agus chun go bhfaigheadh siad réiteach sásúil.

- Ba mhaith linn faisnéis úsáideach a thabhairt don oiread daoine agus is féidir faoi na cearta atá acu.
- I gcás daoine a chuireann ceisteanna orainn go díreach, tacaímid leo trí chomhairle a thabhairt dóibh láithreach – nuair a fhaigheann daoine comhairle agus nuair a ghnóthaíonn siad tuiscint níos fearr ar na cearta agus na hoibleagáidí atá ann, is féidir leo an chéad chéim a thógáil i dtreo a sonraí pearsanta a rialú.
- I gcásanna eile, tá seans ann go ndéanfaimid teagmháil dhíreach le heagraíocht tar éis do dhuine fadhb a chur in iúl dúinn. Is minic is féidir linn an fhadhb bhunaidh a réiteach in aon teagmháil amháin.
- I gcásanna eile, tugaimid faoi obair níos fairsinge le linn dúinn gearán a láimhseáil agus tagaimid ar chonclúid níos foirmiúla ar an ngearán sin.

Cuireann na mílte duine ceisteanna, ábhair inní agus gearáin in iúl dúinn gach bliain faoina n-imthosca aonair agus déanaimid iarracht dhiongbháilte réiteach sásúil a bhaint amach do gach duine díobh. Chomh maith leis sin, ba mhaith linn feabhas a chur ar na cosaintí atá ag na milliúin duine eile nach ndearna teagmháil linn riamh agus a bhféadfadh go ndearna eagraíochtaí difriúla sárú ar a gcuid ceart ar mhórsála. I gcás gearán áirithe, cinnimid, bunaithe ar na hacmhainní teoranta atá againn, nach bhfuil aon údar ann leis an gcur isteach líomhnaithe ar chearta a imscrúdú tuilleadh. Beag beann ar an méid oibre a dhéanfaimid ar ghearán aonair, áfach, míneoidimid i gcónaí na cúiseanna leis an gcás a chur i gcrích a luaithe a chinnfimid go bhfuil an obair atá i gceist críochnaithe.

Ag an gCoimisiún, ba mhaith linn an oiread is féidir a bhaint amach don oiread daoine agus is féidir. Is é sin an fáth ar gá dúinn a chinntiú i gcónaí go mbeidh cothromaíocht ann idir ár gcuid oibre ar ghearáin aonair agus ár gcuid oibre ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar na milliúin duine.

Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí faoina dtugann an Coimisiún chun an spriocthoradh seo a ghnóthú.

- ↑ Trí fheachtais fógraíochta, trí sheisiúin faisnéise phoiblí agus trí ghrúpaí ionadaíochta, feasacht an phobail a mhéadú ar na cearta cosanta sonraí atá acu agus ar an dóigh ar féidir leo úsáid a sonraí pearsanta a rialú;
- ↑ Freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis agus agallaimh ó asraonta meán ionas go méadófar feasacht ar chearta agus oibleagáidí cosanta sonraí agus ar mhíthuisintí ar nithe cosanta sonraí, go háirithe i measc daoine nach lorgódh an fhaisnéis sin dóibh féin;
- ↑ Treoir úsáideach a sholáthar do dhaoine mar bhealach praiticiúil inar féidir tacú leo úsáid a sonraí pearsanta a rialú, bainistiú a dhéanamh ar rioscaí dá sonraí pearsanta agus na cearta cosanta sonraí atá acu a fheidhmiú, agus úsáid á baint as meascán formáidí agus uirlisí chun an fhaisnéis a sholáthar, agus tús áite á thabhairt don fhaisnéis a theastaíonn ón gcuid is mó de dhaoine ionas nach gá dóibh teagmháil a dhéanamh linn go díreach;
- ↑ Faisnéis atá ábhartha go díreach a sholáthar a luaithe is féidir do dhaoine ar gá dóibh teagmháil a dhéanamh linn chun ceistanna a chur maidir lena n-imthosca sonracha féin;
- ↑ Comhairle a thabhairt do dhaoine faoi na meáin eile a d'fhéadfadh siad a úsáid chun faisnéis a fháil agus chun toradh níos fearr a fháil, b'fhéidir, ina gcás, lena n-áirítear trí rialálaithe a bheith ag obair le chéile i réimsí eile den dlí;
- ↑ Aird a thabhairt ar an dóigh a dtéann cosaint sonraí i bhfeidhm ar dhaoine leochaileacha, faireachán a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann eagraíochtaí na hoibleagáidí cosanta sonraí atá orthu ar bhealach ina gcuirtear imthosca daoine leochaileacha san áireamh, agus ionchur a lorg ó ghrúpaí sainleasmhara a dhéanann ionadaíocht do dhaoine leochaileacha chun cur leis an tuiscint atá againn féin;
- ↑ Measúnú dóthanach a dhéanamh ar gach gearán aonair a fhaighimid, chun teacht ar an mbealach is cuí agus is tapa chun an cás atá i gceist a láimhseáil agus a chur i gcrích, agus an bonn lenár gcur chuige á chur in iúl don ghearánach ar bhealach sothuigthe;
- ↑ An oiread gearán agus is féidir a réiteach trí mhodhanna cairdiúla²¹, mar shampla trína iarraidh go bhfreastalódh an eagraíocht lena mbaineann ar chearta an ghearánaigh gan aon ghá le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh chun é sin a bhaint amach agus, ag an am céanna, an tsaincheist a fhiosrú i gcomhar leis an eagraíocht i gcás gur sainaithníodh fadhbanna sistéamacha féideartha;
- ↑ Gníomhú go tapa nuair a thagaimid ar an eolas faoi tháirge nó seirbhís nua atá le tabhairt isteach ag eagraíocht, i gcás go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige nó aici ar líon mór daoine, agus a chinntiú go n-athrófar an táirge nó an tseirbhís sin sula dtabharfar isteach é nó í, agus an méid sin á dhéanamh trí phlé leis an eagraíocht nó trí ghníomh forfheidhmiúcháin foirmiúil amhail rabhadh a thabhairt;

²¹ Mar atá leagtha amach in alt 109(2) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

- ↑ Treochtaí agus téamaí a shainaithint ar fud grúpaí gearán aonair, agus tabhairt faoi imscrúduithe ina gcumhdaítear na príomh-shaincheisteanna atá i gceist leis na grúpaí gearán sin, ionas go ngnóthóimid torthaí comhchoiteanna láidre ar an mbealach is éifeachtúla is féidir laistigh de na hacmhainní teoranta atá againn;
- ↑ Tabhairt faoi imscrúduithe ar sháruithe féideartha a measaimid go bhféadfadh tionchar réasúnta suntasach a bheith acu ar líon mór daoine, idir dhaoine in Éirinn agus dhaoine sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, fiú amháin i gcás nach bhfuaireamar a lán gearán, nó aon ghearáin ar bith, faoin sárú atá i gceist.



Ceist Comhairliúcháin 8

Cén dóigh ar féidir linn teacht ar an gcothromaíocht chúil idir ár gcuid oibre ar ghearáin aonair agus ár gcuid oibre ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar na milliúin duine ionas gur féidir linn an tionchar is mó a bheith againn ar an oiread daoine agus is féidir?



Toradh 5

Tugtar cosaint shonrach do leanaí.

Ag an gCoimisiún, is é an rud a bhrúnn ár gcuid oibre chun cinn ná an croíchuspóir atá againn na cearta cosanta sonraí atá ag gach duine dinn a chosaint. Tá rún daingean ar leith againn na cearta atá ag daoine leochaileacha a chosaint, go háirithe cearta leanaí.

Cuirtear in iúl go soiléir sa Rialachán Ginearálta go dteastaíonn cosaint shonrach ó leanaí ó thaobh sonraí pearsanta de mar go bhféadfadh nach mbeadh siad chomh heolach le haosaigh ar na rioscaí agus na hiarmhairtí atá ann²². Ní hé amháin go bhfuil leanaí leochaileach i leith na gceart cosanta sonraí atá acu, tarlaíonn sé, i gcás nár comhlíonadh na cearta sin, go bhféadfadh an leanbh a bheith thíos leis sin suas go mbainfeadh sé/sí aosacht amach.

Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí faoina dtugann an Coimisiún chun an spriocthoradh seo a ghnóthú.

- ↑ Sainiú a dhéanamh ar na cosaintí sonracha a theastaíonn chun cloí leis na cearta atá ag leanaí go gcosnófaí a sonraí pearsanta, agus treoir á soláthar do dhaoine agus d'eagraíochtaí;
- ↑ Ábhair oideachais atá réidh le húsáid a sholáthar agus feasacht a mhéadú ar chosaint sonraí leanaí, agus an méid sin dírithe ar leanaí, ar a múinteoirí agus ar a dtuismitheoirí;
- ↑ Ag gníomhú dúinn ar bhonn inmheánach agus trí chomhpháirtíochtaí taighde araon, taighde mionsonraithe a dhéanamh ar an bhfeidhm atá ag an dlí cosanta sonraí maidir le leanaí, mar shampla taighde ar an dóigh a bhféadfaí modhanna fíorú aoise a chur i bhfeidhm go sábháilte agus an dóigh a bhféadfaí toiliú tuismitheora a fháil le haghaidh seirbhísí ar líne;
- ↑ Obair i gcomhar le tathantóirí agus saineolaithe sa réimse um chearta leanaí a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear rialálaithe agus comhlachtaí reachtúla eile, agus leas a bhaint as a gcuid comhairle agus taithí;
- ↑ Tús a chur le cóid iompair maidir le próiseáil sonraí pearsanta leanaí a fhorbairt agus forbairt na gcód sin a chur chun cinn go gníomhach;
- ↑ Inscrúduithe foirmiúla agus cinntí a dhéanamh agus cumhachtaí ceartaitheacha a chur i bhfeidhm i leith sáruithe féideartha a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chearta cosanta sonraí leanaí, agus tús áite á thabhairt don obair sin i ngníomhaíocht forfheidhmiúcháin an Choimisiúin.

²² Aithris 38 den Rialachán Ginearálta.



Ceist Comhairliúcháin 9

Cé na gníomhaíochtaí de chuid an Choimisiúin ar dóigh dóibh an tionchar is mó a bheith acu ar an spriocthoradh maidir lena chinntiú go dtabharfar cosaint shonrach do leanaí a ghnóthú? Ar cheart na gníomhaíochtaí sin a chur in aon ord tosaíochta ar leith?



Ceist Comhairliúcháin 10

An bhfuil aon gníomhartha eile ann ar cheart don Choimisiún iad a dhéanamh, ar gníomhartha iad a chabhróidh linn an spriocthoradh maidir lena chinntiú go dtabharfar cosaint shonrach do leanaí a ghnóthú?

Conclúidí

Is torthaí uailmhianacha iad na spriocorthaí atá againn, go háirithe toisc go bhfuil teorainn ann leis na hacmhainní atá ar fáil dúinn. Ag an am céanna, tá tacar fairsing cúraimí, gníomhaíochtaí agus feidhmeanna ann nach mór dúinn iad a chur i gcrích faoin dlí.

Ba mhaith linn scrúdú atá chomh meáite agus is féidir a dhéanamh ar an dóigh ar féidir linn an chuid is fearr a bhaint as ár gcuid acmhainní chun dul i ngleic leis na rioscaí is mó atá roimh an gcuid is mó de dhaoine. Agus an Straitéis Rialála nua uainn don tréimhse 2020 go 2025 á forbairt, déanfaimid scrúdú agus tástáil ar na naisc nithiúla atá ann idir ár gcuid gníomhaíochtaí agus na torthaí ba mhaith linn a ghnóthú. Ba mhaith linn fianaise a úsáid, a mhéid is féidir é, le linn dúinn roghanna deacra a dhéanamh ar na tosaíochtaí rialála atá againn, agus sinn ag comhlíonadh na n-oibleagáidí dlíthiúla atá orainn ag an am céanna.

Déanfaimid measúnú ar na gníomhaíochtaí eile a d'fhéadfaimis a dhéanamh chun cabhrú linn na torthaí atá i gceist a ghnóthú agus scrúdóimid an dóigh a dtéann ár ngníomhaíochtaí difriúla i bhfeidhm ar a chéile. Cuid thábhachtach den mheasúnú iomlán a dhéanfaimid is ea na haighneachtaí a gheobhaimid le linn an chéad bhabhta comhairliúcháin phoiblí oscailte seo.



Ceist Comhairliúcháin 11

Cé na gníomhaíochtaí neamhreachtúla eile de chuid an Choimisiúin a rachadh i bhfeidhm go dearfach ar na spriocorthaí atá againn?



Ceist Comhairliúcháin 12

Cén fhianaise a d'fhéadfadh an Coimisiún a úsáid anois chun a shainaithint cé na cúraimí agus na gníomhaíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla dá chuid a mbeadh an tionchar is mó acu ar na spriocorthaí a ghnóthú?



5. Na Ceisteanna Comhairliúcháin Uile

Tá na ceisteanna a bhfuiltear ag iarraidh freagraí orthu, trí aighneachtaí i scríbhinn a sheoladh chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, leagtha amach ar fud Rannán 4 den doiciméad seo. Tá gach ceann de na ceisteanna liostaithe le chéile an athuair anseo.

Táthar ag iarraidh freagra ar cheann amháin, roinnt nó gach ceann de na ceisteanna. Is féidir aighneachtaí a sheoladh le ríomhphost chuig dpcstrategy@dataprotection.ie nó tríd an bpost chuig Straitéis an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2 roimh an 24 Eanáir 2020.



Ceist Comhairliúcháin 1

An bhfuil aon toradh ar leith eile ann ar cheart don Choimisiún é a chur ar áireamh anseo agus cén fáth ar cheart é a chur ar áireamh anseo? Cén dóigh a mbeadh an toradh breise sin ag teacht leis na cúig spriothoradh atá ann cheana?



Ceist Comhairliúcháin 2

Cé na gníomhaíochtaí de chuid an Choimisiúin a bhfuil an tionchar is mó acu ar an spriothoradh maidir le rialáil chomhsheasmhach a ghnóthú?



Ceist Comhairliúcháin 3

Cé na bearnaí is mó atá ann ó thaobh soiléire agus cinnteachta dlíthiúla de, ar bearnaí iad a d'fhéadfadh a bheith ag cur bac ar eagraíochtaí comhlíonadh a bhaint amach nó a d'fhéadfadh a bheith ag imirt tionchar diúltach ar na cearta atá ag daoine aonair?



Ceist Comhairliúcháin 4

Cé na gníomhaíochtaí de chuid an Choimisiúin a bhfuil an tionchar is mó acu ar an spriothoradh maidir le soiléire agus cinnteacht dhlíthiúil a ghnóthú?



Ceist Comhairliúcháin 5

Cén dóigh ar féidir leis an gCoimisiún teacht ar an gcothromaíocht chuí idir srianta na n-oibleagáidí dlíthiúla atá orainn agus na hacmhainní teoranta atá againn ionas go mbeidh an tionchar is mó is féidir againn ar chuntasacht agus comhlíonadh eagraíochtaí? Cén dóigh ar féidir leis an gCoimisiún eagraíochtaí a spreagadh dul níos faide ná cuntasacht agus comhlíonadh amháin agus i dtreo sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach cothrom agus eiticíúil?



Ceist Comhairliúcháin 6

Cé na cumhachtaí ceartaitheacha de chuid an Choimisiúin a bhfuil an tionchar is mó acu ar neamhchomhlíonadh a dhíspreagadh?



Ceist Comhairliúcháin 7

Cén dóigh ar cheart an chumhacht atá ag an gCoimisiún chun fineálacha riaracháin a fhorchur a úsáid chun an tairbhe is mó agus is inbhuanaithe a bhaint amach do dhaoine agus ar cheart fineálacha a fhorchur i gcomhar le cumhachtaí ceartaitheacha eile?



Ceist Comhairliúcháin 8

Cén dóigh ar féidir linn teacht ar an gcothromaíocht chúí idir ár gcuid oibre ar ghearáin aonair agus ár gcuid oibre ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar na milliúin duine ionas gur féidir linn an tionchar is mó a bheith againn ar an oiread daoine agus is féidir?



Ceist Comhairliúcháin 9

Cé na gníomhaíochtaí de chuid an Choimisiúin ar dóigh dóibh an tionchar is mó a bheith acu ar an sprioithoradh maidir lena chinntiú go dtabharfar cosaint shonrach do leanaí a ghnóthú? Ar cheart na gníomhaíochtaí sin a chur in aon ord tosaíochta ar leith?



Ceist Comhairliúcháin 10

An bhfuil aon gníomhartha eile ann ar cheart don Choimisiún iad a dhéanamh, ar gníomhartha iad a chabhróidh linn an sprioithoradh maidir lena chinntiú go dtabharfar cosaint shonrach do leanaí a ghnóthú?



Ceist Comhairliúcháin 11

Cé na gníomhaíochtaí neamhreachtúla eile de chuid an Choimisiúin a rachadh i bhfeidhm go dearfach ar na sprioithorthaí atá againn?



Ceist Comhairliúcháin 12

Cén fhianaise a d'fhéadfadh an Coimisiún a úsáid anois chun a shainathint cé na cúraimí agus na gníomhaíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla dá chuid a mbeadh an tionchar is mó acu ar na sprioithorthaí a ghnóthú?



6. Tuilleadh Faisnéise

Seicheamh beartaithe na bhfoilseachán

Tá sé beartaithe againn trí phríomhthacar foilseachán a sheoladh le linn dúinn an Straitéis Rialála nua uainn a fhorbairt.

- Tacar A**
- Spriocorthaí (an doiciméad seo)
 - ↳ *Reáchtálfar comhairliúchán poiblí oscailte ar an doiciméad seo*
- Tacar B**
- *Dréacht-Straitéis Rialála an Choimisiúin um Chosaint Sonraí 2020-2025*
 - ↳ *Reáchtálfar comhairliúchán poiblí oscailte ar an doiciméad seo*
 - Tuarascáil anailíse achomair ón gcéad bhabhta comhairliúcháin phoiblí
- Tacar C**
- *An Leagan Deiridh de Straitéis Rialála an Choimisiúin um Chosaint Sonraí 2020-2025*
 - An Plean um Chur Chun Feidhme agus Tomhas na Straitéise
 - Tuarascáil anailíse achomair ón dara babhta comhairliúcháin phoiblí
 - Athbhreithniú ar Ráiteas Straitéise an Choimisiúin um Chosaint Sonraí don bhliain 2019

Leagfar amach sa Phlean um Chur Chun Feidhme agus Tomhas na Straitéise an dóigh a gcuirfear na tosaíochtaí straitéiseacha chun feidhme, lena n-áirítear trí eochairthionscnaimh agus eochairthionscadail. Leagfar amach sa Phlean freisin an dóigh a dtomhaisfear an tionchar a imreofar ar na spriocorthaí atá againn a ghnóthú. Le linn an tionchar a thomhas, beidh sé riachtanach aird a thabhairt freisin ar eachtraí, tosca agus eagraíochtaí eile a imríonn tionchar dearfach ar spriocorthaí an Choimisiúin.

Thar na míonna atá romhainn, fad a bheidh Straitéis Rialála an Choimisiúin á forbairt, foilseoidimid treoir d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair maidir leis na nósanna imeachta rialála atá i bhfeidhm ag an gCoimisiún.

Próisis chomhairliúcháin eile

Thionóil an Coimisiún roinnt fócasghrúpaí le daoine den phobal cheana féin. Reáchtálar na fócasghrúpaí chun tuiscint a ghnóthú ar na tuairimí atá ag an bpobal ar na nithe seo a leanas:

- ▶ *Cearta cosanta sonraí;*
- ▶ *An dóigh ar cheart comhlíonadh an dlí cosanta sonraí a spreagadh, a éascú agus a uasmhéadú agus an dóigh ar cheart neamhchomhlíonadh a rialáil;*
- ▶ *Ról an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.*

Cuireadh an tuiscint a ghnóthaíomar ó na fócasghrúpaí sin san áireamh sna cúig spriocthoradh atá againn. Tá seans ann go reáchtálfaimid tuilleadh fócasghrúpaí, ag brath ar na haighneachtaí ó gheobhaimid don chéad bhabhta comhairliúcháin phoiblí seo.

Mar aon le haighneachtaí a iarraidh tríd an dá bhabhta comhairliúcháin phoiblí atá beartaithe, tá sé ar intinn againn tuilleadh ionchur díreach a iarraidh freisin de réir mar a ullmháimid an dréacht-Straitéis Rialála uainn. Mar shampla, rachaimid i dteagmháil

neamhfhoirmiúil ar an dréacht-Straitéis Rialála leis na heagraíochtaí agus na daoine a mbeimid ag caidreamh leo ar aon nós mar chuid dár ngnáthobair. Tá seans ann freisin go rachaimid i gcomhairle go sonrach le comhlachtaí ionadaíocha, le grúpaí tathanta agus le heagraíochtaí eile, bunaithe ar na haighneachtaí a gheobhaimid don chéad bhabhta comhairliúcháin phoiblí seo. Rachaimid i dteagmháil le húdaráis chosanta sonraí agus rialálaithe cosanta sonraí in áiteanna eile chomh maith.

Prionsabail um chosaint sonraí

Ar a laghad, foráiltear leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí d'oibleagáidí uileghabhálacha áirithe a leagan ar eagraíochtaí a 'phróiseálann' (nó, i bhfocail eile, a úsáideann nó a láimhseálann) sonraí pearsanta d'aon chineál. Tá na prionsabail bhunúsacha nach mór cloí leo le linn sonraí pearsanta a phróiseáil leagtha amach in Airteagal 5 den Rialachán Ginearálta, mar a leanas:

- ▶ *Ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an ábhar sonraí;*
- ▶ *Ní mór sonraí pearsanta a bhailiú chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus níor cheart iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin;*
- ▶ *Ní mór sonraí pearsanta a bheith leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil;*
- ▶ *Ní mór sonraí pearsanta a bheith cruinn agus, i gcás inar gá, ní mór iad a choimeád suas le dáta; déanfar gach beart réasúnta chun a áirithiú go léirscriostar nó go gceartaítear sonraí pearsanta míchruinne gan mhoill, ag féachaint do na críocha ar chucu a dhéantar iad a phróiseáil;*
- ▶ *Ní mór sonraí pearsanta a choinneáil i bhfoirm nach gceadaítear léi na hábhair sonraí a shainithint ach go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun na críocha sin ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaint amach;*
- ▶ *Ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar chaoi go n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaráithe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scrios nó damáiste de thaisme, agus úsáid á baint as bearta iomchuí teicniúla nó eagraíochtúla; agus*
- ▶ *Ar deireadh, is é an rialaitheoir a bheidh freagrach as na prionsabail uile thuas um chosaint sonraí a chomhlíonadh agus ní mór dó nó di bheith in ann an comhlíonadh sin a thaispeáint - cuntasacht.*

Reachtaíocht ábhartha

Is mar a leanas atá an reachtaíocht lena leagtar amach cumhachtaí an Choimisiúin agus na cúraimí agus na hoibleagáidí rialála atá air.

- i. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE)
- ii. An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018
- iii. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2003

- iv. Na Rialacháin maidir le ríomh-Phríobháideachtas (Ionstraim Reachtúil Uimh. 336/2011 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideachtas agus Cumarsáid Leictreonach), 2011)
- v. An "Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí" (Treoir (AE) 2016/680), rud a trasúodh i ndlí na hÉireann trí bhíthin an Achta um Chosaint Sonraí, 2018

Chomh maith leis sin, leagtar feidhm nó freagracht ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí faoi roinnt píosaí eile reachtaíochta príomhúla nach bpléitear go príomha le feidhmeanna cosanta sonraí iontu.

Cúraimí agus cumhachtaí an Choimisiúin

Leagtar amach in **Airteagal 57(1)** na **cúraimí** atá ar gach údarás maoirseachta san Aontas Eorpach, lena n-áirítear an Coimisiún. Tá siad mar a leanas:

- (a) faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus é a fhorfheidhmiú;
- (b) feasacht agus tuiscint i measc an phobail a chur chun cinn maidir leis na rioscaí, leis na rialacha, leis na coimircí agus leis na cearta a bhaineann le próiseáil. Tabharfar aird ar leith ar ghníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le leanaí;
- (c) comhairle a chur, i gcomhréir le dlí Ballstáit, ar an bparlaimint náisiúnta, ar an rialtas, agus ar institiúidí agus ar chomhlachtaí eile maidir le bearta reachtacha agus riaracháin a bhaineann le cearta agus le saoirsí daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil;
- (d) feasacht maidir lena n-oibleagáidí faoin Rialachán seo i measc rialaitheoirí agus próiseálaithe a chur chun cinn;
- (e) arna iarraidh sin air, faisnéis a sholáthar d'aon ábhar sonraí maidir lena gcearta a fheidhmiú faoin Rialachán seo agus, más iomchuí, comhoibriú leis na húdaráis mhaoirseachta i mBallstáit eile chun na críche sin;
- (f) gearáin arna dtaisceadh ag ábhar sonraí, nó ag comhlacht, eagraíocht nó comhlachtas a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 80, agus imscrúdú a dhéanamh, a mhéid is iomchuí, ar ábhar an gearáin agus an gearánaí a chur ar an eolas maidir leis an dul chun cinn agus maidir le toradh an imscrúdaithe laistigh de thréimhse réasúnta, go háirithe más gá imscrúdú breise a dhéanamh nó más gá comhordú a dhéanamh le húdarás maoirseachta eile;
- (g) obair i gcomhar le húdaráis mhaoirseachta eile agus faisnéis a roinnt leo agus cúnamh frithpháirteach a chur ar fáil dóibh, d'fhonn a áirithiú go ndéanfar an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú ar bhonn comhsheasmhach;
- (h) imscrúduithe a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear ar bhonn faisnéis a fuarthas ó údarás maoirseachta eile nó ó údarás poiblí eile;
- (i) faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha, sa mhéid go bhfuil tionchar acu ar chosaint sonraí pearsanta, go háirithe forbairtí i dteicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide agus i gcleachtais tráchtála;
- (j) na clásail chonarthaacha chaighdeánacha dá dtagraítear in Airteagal 28(8) agus i bpointe (d) d'Airteagal 46(2) a ghlacadh;
- (k) liosta a bhunú agus a choimeád ar bun i ndáil leis an gceanglas le haghaidh measúnú tionchair a dhéanamh ar chosaint sonraí de bhun Airteagal 35(4);
- (l) comhairle a thabhairt maidir leis na hoibríochtaí próiseála dá dtagraítear in Airteagal 36(2);

- (m) tarraingt anuas cód iompair a spreagadh de bhun Airteagal 40(1) agus tuairim a thabhairt fúthu agus na cóid iompair sin a bhfuil coimircí leordhóthanacha ag gabháil leo a fhorpheas, de bhun Airteagal 40(5);
- (n) bunú sásraí deimhniúcháin um chosaint sonraí, agus séalaí agus marcanna cosanta sonraí freisin a spreagadh de bhun Airteagal 42(1) agus na critéir deimhniúcháin a fhorpheas de bhun Airteagal 42(5);
- (o) athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar dheimhniúcháin a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 42(7), i gcás inarb infheidhme;
- (p) na critéir i ndáil le comhlacht a chreidiúnú a dhréachtú agus a fhoilsiú chun faireachán a dhéanamh ar chóid iompair de bhun Airteagal 41 agus i ndáil le comhlacht deimhniúcháin de bhun Airteagal 43;
- (q) creidiúnú do chomhlacht a sheoladh chun faireachán a dhéanamh ar chóid iompair de bhun Airteagal 41 agus creidiúnú do chomhlacht deimhniúcháin de bhun Airteagal 43;
- (r) na clásail chonarthacha agus na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 46(3) a údarú;
- (s) rialacha ceangailteacha corparáideacha a fhorpheas de bhun Airteagal 47;
- (t) rannchuidiú le gníomhaíochtaí an Bhoird;
- (u) taifid inmheánacha a choimeád ar sháruithe ar an Rialachán seo agus ar na bearta arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 58(2); agus
- (v) aon chúraimí eile a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta a chomhlíonadh.

Leagtar amach in **Airteagal 58** den Rialachán Ginearálta na **cumhachtaí** atá ag gach údarás maoirseachta san Aontas Eorpach, lena n-áirítear an Coimisiún. Tá siad mar a leanas:

(1) Cumhachtaí imscrúdaitheacha:

- (a) ordú a thabhairt don rialaitheoir agus don phróiseálaí agus, i gcás inarb infheidhme, d'ionadaí an rialaitheora nó an phróiseálaí, aon fhaisnéis a éilíonn sé ar mhaithe lena chúraimí a chomhlíonadh a chur ar fáil dó;
- (b) imscrúduithe a dhéanamh i bhfoirm iniúchtaí ar chosaint sonraí;
- (c) athbhreithniú a dhéanamh ar dheimhniúcháin a eisíodh de bhun Airteagal 42(7);
- (d) fógra a thabhairt don rialaitheoir nó don phróiseálaí faoi shárú a líomhnaítear a bheith déanta ar an Rialachán seo;
- (e) rochtain a fháil, ón rialaitheoir agus ón bpróiseálaí, ar na sonraí pearsanta ar fad agus ar gach faisnéis is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh;
- (f) rochtain a fháil ar aon áitreabh de chuid an rialaitheora agus an phróiseálaí, lena n-áirítear ar aon trealamh agus ar aon mhodh próiseála sonraí, i gcomhréir le dlí an Aontais nó le dlí nós imeachta náisiúnta Ballstáit.

(2) Cumhachtaí ceartaitheacha:

- (a) fógraí rabhaidh a thabhairt do rialaitheoir nó do phróiseálaí ina gcuirtear in iúl gur dóchúil go sárófar forálacha an Rialacháin seo leis na hoibríochtaí próiseála a bheartaítear;
- (b) iomarduithe a eisiúint do rialaitheoir nó do phróiseálaí i gcás ina bhfuil oibríochtaí próiseála tar éis forálacha an Rialacháin seo a shárú;
- (c) ordú a thabhairt don rialaitheoir nó don phróiseálaí iarrataí an ábhair sonraí a chomhlíonadh maidir lena chearta a fheidhmiú de bhun an Rialacháin seo;
- (d) ordú a thabhairt don rialaitheoir nó don phróiseálaí oibríochtaí próiseála a chur i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo agus, nuair is iomchuí, ar bhealach sonraithe agus laistigh de thréimhse shonraithe;

- (e) ordú a thabhairt don rialaitheoir sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí;
- (f) teorainn shealadach nó bhuan a fhorchur lena n-áirítear cosc ar phróiseáil;
- (g) ordú a thabhairt go ndéanfaí sonraí pearsanta a cheartú nó a léirsciosadh nó go ndéanfaí próiseáil a shrianadh de bhun Airteagal 16, Airteagal 17 agus Airteagal 18 agus go gcuirfí na faighteoirí ar nochtadh na sonraí pearsanta sin dóibh ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí sin de bhun Airteagal 17(2) agus Airteagal 19;
- (h) deimhniú a tharraingt siar nó ordú a thabhairt don chomhlacht deimhniúcháin deimhniú a tharraingt siar ar deimhniú é a eisiódh de bhun Airteagal 42 agus Airteagal 43, nó ordú a thabhairt don chomhlacht deimhniúcháin gan deimhniú a eisiúint mura bhfuil na ceanglais don deimhniú á gcomhlíonadh nó mura bhfuil siad á gcomhlíonadh a thuilleadh;
- (i) fíneáil riaracháin a ghearradh de bhun Airteagal 83, de bhreis ar na bearta dá dtagraítear sa mhír seo nó ina n-ionad, ag brath ar dhálaí gach cáis faoi leith;
- (j) ordú a thabhairt sreabha sonraí chuig faighteoir i dtríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta a fhionraí.

(3) Cumhachtaí údaraithe agus comhairleacha:

- (a) comhairle a thabhairt don rialaitheoir i gcomhréir leis an nós imeachta réamhchomhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 36;
- (b) tuairimí a thabhairt, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin air, don pharlaimint náisiúnta, do rialtas an Bhallstáit nó, i gcomhréir le dlí Ballstáit, do na hinstitiúidí agus na comhlachtaí eile agus don phobal, maidir le haon saincheist a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta;
- (c) próiseáil dá dtagraítear in Airteagal 36(5) a údarú, má tá réamhúdarú den sórt sin riachtanach i ndlí an Bhallstáit;
- (d) tuairim a thabhairt agus dréachtchóid iompair a fhorghnó de bhun Airteagal 40(5);
- (e) comhlachtaí deimhniúcháin a chreidiúnú de bhun Airteagal 43;
- (f) deimhniú a eisiúint agus critéir deimhniúcháin a fhorghnó i gcomhréir le hAirteagal 42(5);
- (g) clásail chaighdeánacha maidir le cosaint sonraí dá dtagraítear in Airteagal 28(8) agus i bpointe (d) d'Airteagal 46(2) a ghlacadh;
- (h) clásail chonartha de bhun Airteagal 46(3) a údarú;
- (i) socruithe riaracháin dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 46(3) a údarú;
- (j) rialacha ceangailteacha corparáideacha a fhorghnó de bhun Airteagal 47.

An tSamhail maidir le hIonaid Ilfhreastail faoin Rialachán Ginearálta

Tá sé mar chuspóir leis an tsamhail maidir le hIonaid Ilfhreastail ná cuíchóiriú a dhéanamh ar an dóigh a ndéileálann eagraíochtaí a dhéanann gnó, nó a sheolann gníomhaíochtaí, i níos mó ná Ballstát amháin den Aontas Eorpach, le húdarais chosanta sonraí, ar a dtugtar 'údarais mhaoirseachta' faoin Rialachán Ginearálta. Is é an toradh atá ar an tsamhail nach ndéanann ach údarás cosanta sonraí amháin maoirseacht ar eagraíochtaí a bhfuil bunáiteanna éagsúla acu i mballstáit dhifriúla den Aontas Eorpach maidir le 'próiseáil trasteorann' na heagraíochta a mhaoirsiú. Is é sin an t-údarás cosanta sonraí mar a bhfuil 'príomhbhunáocht' ag an eagraíocht san Aontas Eorpach. De ghnáth, is é áit a riaracháin láir (e.g. a ceanncheathrú) an príomhbhunáocht de chuid eagraíochta.

Faoin Rialachán Ginearálta, tá ceachtar de dhá chás i gceist le próiseáil trasteorann. Is é atá i gceist leis an gcéad chás ná go bhfuil bunáiteanna nó bunáíochtaí ag eagraíocht i níos mó ná ballstát amháin agus go ndéantar an phróiseáil i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí de chuid níos mó ná bunáíocht amháin den sórt sin. Is é atá i gceist leis an dara chás go bhfuil eagraíocht lonnaithe nó bunaithe i mballstát amháin ach go dtéann an phróiseáil i bhfeidhm go mór, nó gur dóigh don phróiseáil dul i bhfeidhm go mór, ar dhaoine i níos mó ná ballstát amháin. I gceachtar de na cásanna sin, beidh feidhm ag coincheap an `phríomhúdaráis mhaoirseachta' faoin Rialachán Ginearálta chun a chinneadh cén t-údarás cosanta sonraí a bhfuil an príomhfhreagracht air as maoirseacht a dhéanamh ar an eagraíocht sin, mar shampla nuair atáthar ag déileáil le gearán a tháinig chun cinn i ndáil lena próiseáil trasteorann.

Faoi rialacha an Rialacháin Ghinearálta, tá an eagraíocht faoi réir ghníomhartha rialála an údaráis chosanta sonraí atá mar phríomhúdarás maoirseachta di, in ionad í a bheith faoi réir roinnt gníomhartha ag na húdaráis chosanta sonraí dhifriúla de chuid ballstáit dhifriúla i gcás go ndéantar sárú.

Áirítear le ról an údaráis chosanta sonraí arb é an príomhúdarás maoirseachta é imscrúdú a dhéanamh ar ghearán nó sárú líomhnaithe ar an Rialachán Ginearálta a bhaineann le próiseáil trasteorann. Áirítear leis freisin dréachtchinneadh a ullmhú ar an ní. Ní mór dó ansin cinneadh comhdhearcaidh a chomhordú, nuair is féidir, le húdaráis chosanta sonraí eile san Aontas a mheastar a bheith ina `n-údaráis mhaoirseachta lena mbaineann'.

Dá bharr sin, ní hé amháin nach mór don phríomhúdarás maoirseachta, le linn dó dréachtchinneadh a ullmhú, `an aird is mó' a thabhairt ar thuairimí an údaráis chosanta sonraí a fuair an gearán, ach ní mór dó freisin an dréachtchinneadh uaidh a chomhroinnt le gach údarás maoirseachta sonraí lena mbaineann, dul i ndáil chomhairle leo agus a dtuairimí a bhreithniú agus é ag tabhairt an chinnidh chun críche. I gcás nach féidir déanamh amhlaidh, foráiltear leis an Rialachán Ginearálta do shásra réitigh dhíospóide a spreagadh. Is é an toradh a bheidh air sin go ndéanfaidh na baill den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí cinneadh tromlaigh ar na saincheisteanna faoi dhíospóid sa dréachtchinneadh.

Faoin sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail, is é an Coimisiún an príomhúdarás maoirseachta do raon leathan cuideachtaí ilnáisiúnta a bhfuil a bpríomhbhunaíocht lonnaithe in Éirinn. Áirítear leo sin roinnt mhaith cuideachtaí móra teicneolaíochta agus meán sóisialta. Mar phríomhúdarás maoirseachta, láimhseálann an Coimisiún gearáin a rinneadh ar dtús le húdaráis chosanta sonraí eile san Aontas. Chomh maith leis sin, láimhseálann sé gearáin a dhéanann daoine aonair go díreach leis an gCoimisiún.

An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Achoimrítear na hoibleagáidí atá ar an gCoimisiún faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, mar a leanas.

(1) Ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna dó, tabharfaidh comhlacht poiblí aird ar an ngá atá ann—

- (a) le hidirdhealú a dhíothú,
- (b) le comhionannas deiseanna agus caitheamh cothrom lena bhaill foirne agus leis na daoine a soláthraíonn sé seirbhísí dóibh a chur chun cinn, agus
- (c) le cearta daonna a bhall, a bhall foirne agus na ndaoine a soláthraíonn sé seirbhísí dóibh a chosaint.

(2) Chun críocha éifeacht a thabhairt d'fho-alt (1), déanfaidh comhlacht poiblí, ag tabhairt aird dó ar fheidhmeanna agus cuspóir an chomhlachta, ar mhéid an chomhlachta agus ar na hacmhainní atá ar fáil dó—

- (a) breac-chuntas a thabhairt, ar bhealach atá inrochtana don phobal, sa phlean straitéiseach uaidh (cibé tuairisc atá air) ar mheasúnú ar shaincheisteanna chearta an duine agus comhionannais a mheasann siad a bheith ábhartha d'fheidhmeanna agus cuspóir an chomhlachta lena mbaineann agus ar na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, agus
- (b) tuairisc a thabhairt, ar bhealach atá inrochtana don phobal, sa tuarascáil bhliantúil uaidh (cibé tuairisc atá uirthi) ar fhorbairtí agus éachtaí chuige sin.



An Coimisiún um
Chosaint Sonraí
Data Protection
Commission

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
21 Cearnóg Mhic Liam, BÁC 2,
D02 RD28, Éire

Data Protection Commission
21 Fitzwilliam Square, Dublin 2,
D02 RD28, Ireland